



Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Scéim teanga 2021 - 2024

1: Réamhrá agus cúlra

Réamhrá

D'ullmhaigh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (an Oifig) an scéim seo faoi alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (an tAcht).

Foráiltear le hAlt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonrú ar na seirbhísí a sholáthróidh siad

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla agus
- trí mheán an Bhéarla

agus na bearta a dhéanfaidh an comhlacht poiblí chun a áirithiú, maidir le haon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge, go ndéanfar iad a sholáthar amhlaidh laistigh de fhráma ama comhaontaithe. Ciallaíonn "seirbhís", de réir shainmhíniú an Achta, seirbhís arna tairiscint nó arna soláthar (cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach) ag comhlacht poiblí don phobal i gcoitinne nó d'aicme den phobal i gcoitinne. Foráiltear le hAlt 15 den Acht le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna reatha.

Ullmhú agus ábhar na scéime

Forbraíodh an scéim seo de réir treoirínte faoi alt 12 den Acht arna n-eisiúint ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Foilsíonn an Oifig fógraí poiblí faoi alt 13 den Acht agus tugtar cuireadh do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh i ndáil le hullmhú na dréachtscéime. Fuarthas trí aighneacht i ndáil leis an scéim seo agus rinneadh breithniú orthu nuair a bhí an scéim seo á dréachtú.

Tá ábhar na scéime bunaithe ar thaithí na hOifige ar scéimeanna a ullmhú roimhe seo agus tá an obair á treorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí sonracha trí Ghaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach maidir le soláthar na seirbhísí sin, agus
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, agus cumas an chomhlachta lena mbaineann an inniúlacht teanga is gá a fhorbairt nó a rochtain.

Tá sé mar aidhm leis an scéim seo a áirithiú go ndéileálfadh an Oifig le gach oibleagáid iomchuí faoin Acht ina hiomláine ar bhonn incriminteach, tríd an scéim seo agus scéimeanna a fhorbrófar amach anseo. Rinne baill d'fhoireann bainistíochta sinsearaí na hOifige maoirseacht ar ullmhú na scéime agus is é aonad cumarsáide agus foireann bainistíochta sinsearaí na hOifige a bheidh freagrach as cur chun feidhme na scéime. Déanfaidh aonad tacaíochta agus dearbhaithe rialachais na hOifige faireachán ar chur chun feidhme na scéime thar an tréimhse trí bliana.

Dáta tosaithe na scéime

Tá an scéim seo daingnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ó 12 Aibreán 2021 agus beidh feidhm leis an scéim le haghaidh trí bliana nó go dtí go ndaingneofar scéim nua, cibé acu is déanaí.

2: Forléargas ar Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Príomhfheidhmeanna

Is é Uachtarán na hÉireann, trí ainmniúchán ó Dháil Éireann, a cheapann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (A&CC). Tá A&CC i seilbh oifige faoi Airteagal 33 den Bhunreacht.

Tá A&CC freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar chuntais comhlachtaí poiblí agus cistí airgid poiblí, scrúduithe a dhéanamh ar bhainistiú agus ar úsáid acmhainní poiblí agus torthaí na hoibre a thuairisciú do Dháil Éireann.

Chuige sin, is é misean A&CC dearbhú neamhspleách a sholáthar go bhfuil cistí agus acmhainní poiblí in úsáid de réir an dlí, á mbainistiú go héifeachtach agus á gcuntas go cuí agus ag cur le feabhas sa riarachán poiblí.

Cabhraíonn an Oifig le A&CC lena fheidhmeanna reachtúla agus tá státseirbhísigh ag obair san Oifig.

Tá foireann bainistíochta na hOifige freagrach as cur chun feidhme na gcóras, na bpróiseas agus na n-íompraíochtaí a theastaíonn chun tacú le dea-rialachas corparáideach a chur chun cinn ar fud na heagraíochta a threorú agus a bhainistiú ionas go mbeidh foireann uile na hOifige ag obair le chéile mar fhoireann ardfheidhmíochta.

Tá obair na hOifige á treorú ag triúr Stiúrthóirí Iniúchta, agus tá gach stiúrthóir freagrach as stiúrthóireacht a dhéanann obair iniúchta agus tuairiscithe agus tá roinnt rannán corparáideach ag tacú leo. Is é ceann de na Stiúrthóirí Rúnaí na hOifige, atá ag feidhmiú mar Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige freisin.

Custaiméirí agus cliaint

Is iad na comhlachtaí poiblí atá á n-íniúchadh ag an Oifig agus an tOireachtas príomhpháirtithe leasmhara na hOifige. Is beag teagmháil dhíreach atá ag an Oifig leis an bpobal i gcoitinne agus is iondúil go ndéantar a leithéid sin de theagmháil trí litir nó glao teileafóin.

3: Mionsonraí seirbhísí atá á soláthar trí Bhéarla amháin, trí Ghaeilge amháin nó go dátheangach i láthair na huaire

Is é Béarla gnáth-theanga oibre na hOifige, fianaise ar na héilimh atá ar ár bhfoireann oibre ilghnéitheach agus teanga oibre fhormhór na gcomhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu. É sin ráite, soláthraíonn an Oifig seirbhísí dátheangacha chun a cuid oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh. Anseo thíos tá liosta de na seirbhísí a sholáthraíonn an Oifig agus infhaighteacht sa teanga iomchuí:

Foilseacháin

Foilsíonn an Oifig na doiciméid seo a leanas ar a suíomh gréasáin go rialta:

- tuarascáil bhliantúil ar chuntais na seirbhísí poiblí (go dátheangach)
- cuntais leithreasa ranna agus oifigí rialtais láir (go dátheangach)
- tuarascálacha speisialta maidir le nithe ginearálta a eascraíonn as iniúchtaí ar scrúduithe 'luach ar airgead' (i mBéarla amháin, nó go dátheangach sa chás go bhfuil a ghnó á reáchtáil go príomha trí Ghaeilge ag an gcomhlacht atá faoi réir scrúdaithe)
- tuarascálacha corparáideacha (go dátheangach)

I ndáiríre, tá formhór na dtuarascálacha ar fáil go dátheangach. Déantar iad seo a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla nó, i gcásanna nuair nach féidir aistriúchán a sholáthar laistigh de na spriocdhátaí reachtúla foilseacháin, foilsítear an leagan Gaeilge a luaithe agus is féidir ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, cheap an Oifig athbhreithneoir cáilíochta lena chinntiú go bhfuil íoschaighdeán cáilíochta á chomhlíonadh ag na doiciméid atá á n-aistriú agus go bhfuil comhsheasmhacht le tabhairt faoi deara sna doiciméid.

Ní fhoilsíonn an Oifig bileoga eolais ná bróisiúir phoiblí.

An suíomh gréasáin/na meáin shóisialta

Tá leagan dátheangach de [suíomh gréasáin](#) na hOifige ar fáil agus tá faireachán á dhéanamh air lena chinntiú go bhfuil an leagan Gaeilge den ábhar atá ar an suíomh gréasáin ag teacht leis an leagan Béarla. Tá nasc nascleanúna ó gach leathanach den leagan Béarla chuig an leathanach ábhartha Gaeilge.

Chomh maith leis sin, bíonn teagmháil idir an Oifig agus an pobal trí mheáin shóisialta áirithe (e.g. LinkedIn) agus is i mBéarla amháin atá formhór na bpostálacha.

4: Soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú

Tá na ceanglais seo a leanas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 á gcomhlíonadh ag an Oifig faoi láthair agus leanfar leis na ceanglais seo a chomhlíonadh sa tréimhse idir 2021 - 2024.

Teicneolaíocht faisnéise

Le cois suíomh gréasáin dhátheangaigh a fhorbairt faoi scéim roimhe seo atá mínithe i rannóg a trí, tá seoladh ríomhphoist ar leith bunaithe le haghaidh fiosrúchán trí Ghaeilge a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin na hoifige. Tá teachtaireachtaí caighdeánacha ríomhphoist cosúil le séanadh ar fáil go dátheangach.

Oiliúint agus forbairt

Tá deiseanna cruthaithe ag an Oifig do bhaill foirne freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí. Tá roinnt ball foirne ag obair san Oifig atá in ann iniúchtaí a dhéanamh trí Ghaeilge agus oibríonn an Oifig leis an soláthraí oiliúna státseirbhíse, *One Learning*, chun cúrsaí oiliúna a sholáthar chun an caighdeán Gaeilge a fheabhsú. Leithdháiltear baill foirne atá in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge chun obair a dhéanamh ar iniúchtaí agus scrúduithe ar chomhlachtaí poiblí arb é an Ghaeilge a dteanga oibre.

Tá an scéim teanga ar fáil don fhoireann ar fad ar chóras inlín na hOifige d'fhonn a chinntiú go bhfuil gach duine ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht agus faoi na deiseanna atá ann a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt nó a fheabhsú.

Lasc-chlár

Níl ionad fáiltithe don phobal i gcoitinne ag an Oifig. Tá oibríteoir laisce teileafóin freagrach as déileáil le glaonna teileafóin chuig an Oifig agus is iondúil gurb é seo an chéad phointe teagmhála leis an bpobal i gcoitinne. Freagraítear glaonna teileafóin go dátheangach, i nGaeilge ar dtús. Roghnaítear an teanga is mian leis an gcustaiméir a úsáid agus treoraítear chuig an oifigeach cuí é/í. Mura bhfuil oifigeach atá in ann Gaeilge a labhairt ar fáil, tairgfear na roghanna seo a leanas don chustaiméir:

- glao teileafóin ar ais nuair atá cainteoir Gaeilge oiriúnach ar fáil
- leanúint lena g(h)nó a reáchtáil trí Bhéarla.

Soláthraíonn an Oifig teachtaireachtaí dátheangacha lasmuigh de na gnáthuaireanta oibre ar an gcóras teileafóin.

Comharthaí agus cumarsáid i scríbhinn

Tá gach comhartha atá á chrochadh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, nó thar ceann na hOifige, dátheangach de réir rialacháin (I.R. Uimh.391/2008) agus lonnaithe laistigh d'áitreabh na hOifige.

Freagraítear gach cumarsáid i scríbhinn (litreacha agus post leictreonach) sa teanga oifigiúil ina bhfuil an chumarsáid scríofa. Tá ábhar caighdeánach a bhíonn le fáil i dteachtaireachtaí ríomhphoist (cosúil le séanadh), páipéar ceanteidil oifigiúil, duillíní dea-mhéine, cártaí gnó agus fógraí earcaíochta seachtracha dátheangach.

Cuireadh tús le Gramadach agus Seiceálaí Litrithe Gaeilge in Word a úsáid san Oifig in 2016 – *Anois* le haghaidh ghramadach na Gaeilge agus seiceáil litrithe, agus meabhraítear don fhoireann go rialta go bhfuil áiseanna cosúil le focloir.ie agus tearma.ie ar fáil.

5: Cumas teanga a fheabhsú

Déantar cur síos sa rannóg seo ar na gealltanais atá tugtha ag an Oifig an leibhéal seirbhíse trí Ghaeilge a mhéadú bunaithe ar leibhéal éilimh atá léirithe.

Teicneolaíocht faisnéise

Déanfaidh an Oifig tuilleadh forbartha ar a cumas Ríomhshínithe agus cuimseofar tagairt don Ghaeilge mar chuid de shíniú caighdeánach na foirne.

Forbrófar cumarsáid ar na meáin shóisialta ionas go méadófar an líon postálacha dátheangacha ar na meáin shóisialta ar LinkedIn.

Oiliúint agus forbairt

Déanfaidh an Oifig obair lena chinntiú go leanann baill foirne le meas a léiriú do spiorad an Achta, go dtuigeann siad na ceanglais dhlíthiúla láithreacha agus an gealltanais atá ann seirbhís atá á feabhsú de réir a chéile a sholáthar agus glacadh leis an tseirbhís mar dhlúthchuid den ghealltanais maidir le seirbhís ar ardchaighdeán do chliant.

Sa chás nach bhfuil baill foirne inniúil sa Ghaeilge, tairgfídh an Oifig cúrsaí do thosaitheoirí i gcomhpháirt le *One Learning*. Leanfaidh an Oifig le baill foirne a spreagadh chun úsáid a bhaint as an inniúlacht atá acu agus le baill foirne a oiliúint agus tacú leo ionas gur féidir leo a n-inniúlacht a fheabhsú. Déanfar athbhreithniú ar na tacaíochtaí riaracháin oiriúnacha atá á soláthar lena chinntiú gur féidir na caighdeáin/na gníomhartha sainaitheanta a chomhlíonadh. Spreagfar baill foirne a bhfuil pas faighte acu i dtástáil inniúlachta Gaeilge na státseirbhíse a gcuid scileanna a úsáid agus a fhorbairt.

Leanfar le hoibrithe deonacha a lorg ar fud na hOifige chun páirt a ghlacadh i soláthar seirbhísí trí Ghaeilge. Leanfar le baill foirne a spreagadh chun freastal ar chúrsaí oiliúna teanga laistigh agus lasmuigh d'uaireanta oifige.

Spreagfar baill foirne, atá toilteanach seirbhís dhátheangach a sholáthar, teachtaireachtaí dátheangacha glórphoist a bheith acu.

6: Faireachán agus athbhreithniú ar an scéim

Déanfar faireachán agus athbhreithniú ar an scéim go rialta bunaithe ar thuarascálacha ar dhul chun cinn a bheidh á gcur ar fáil ag an aonad tacaíochta agus dearbhaithe rialachais, faoi dhó sa bhliain, do Bhord Bainistíochta agus Bord Iniúchta na hOifige.

Is é aonad cumarsáide na hOifige a bheidh freagrach as feidhmiú laethúil na scéime, i dteannta le faireachán leanúnach an leibhéil éilimh ar sheirbhísí iniúchta trí Ghaeilge.

7: Scéim chomhaontaithe a fhoilsiú

Tapóidh an Oifig an deis le linn a hidirghníomhaíochta laethúla le cliaint, na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge a chur chun cinn agus aird a tharraingt orthu agus ar na bealaí seo a leanas:

- an scéim agus na nuashonruithe ina diaidh maidir le soláthar na ngealltanais i ndáil le seirbhísí eile a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin agus tuairisciú a dhéanamh i dtuarascáil feidhmíochta bliantúla na hOifige;
- preasráiteas a eisiúint chun aird a tharraingt ar fhoilsiú agus ar infhaighteacht na scéime;
- an scéim a dháileadh ar eagraíochtaí Gaeilge agus comhlachtaí poiblí iomchuí;
- cliaint a chur ar an eolas ar bhonn réamhghníomhach maidir leis an rogha atá ann gnó a dhéanamh leis an Oifig trí Ghaeilge agus
- an tsuntasacht chéanna a thabhairt d'fhoilseacháin Ghaeilge agus Bhéarla.

Tá cóip den scéim chomhaontaithe seolta chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.